Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/792

25.4.2025

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/792 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24 Aibreán 2025**

**maidir le liosta a fhoilsiú lena léirítear luachanna astaíochtaí $CO_2$ áirithe in aghaidh an mhonaróra chomh maith le meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas de bhun Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh thréimhse tuairiscithe na bliana 2022**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 2307)*

**(Is iad na téacsanna Ollainnise, Béarla, Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise agus Sualainnise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b), (d) agus (f) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a chinneadh ar bhonn sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus ag monaróirí de bhun Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir le feithiclí an mhonaróra sin.

(2) Ba cheart meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ na bhfeithiclí nua tromshaothair uile a chláraítear san Aontas a bhunú ar na sonraí a thuairiscítear maidir le feithiclí ó gach monaróir.

(3) Ba cheart an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle le haghaidh gach monaróra a chinneadh agus na feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle arna dtuairisciú á gcur san áireamh.

(4) Ba cheart an chonair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ agus na creidmheasanna astaíochta in aghaidh an mhonaróra a chinneadh ar bhonn líon na bhfeithiclí nua tromshaothair, gan feithiclí seirbhíse san áireamh, a tuairiscíodh. Na feithiclí sin, a deimhníodh mar fheithiclí seirbhíse ach nár cláraíodh amhlaidh, sainaithníodh iad agus cuireadh na ceartúcháin ba ghá ar mheánastaíochtaí sonracha bliantúla $CO_2$ monaróra i bhfeidhm maidir leo i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/941 ón gCoimisiún ([3]).

(5) Tá na sonraí a chuirtear i láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil don Choimisiún an 12 Meán Fómhair 2024.

(6) D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún na sonraí a fhoilsítear anseo a thabhairt cothrom le dáta, má fhaigheann sé sonraí breise a dhéanfadh difear do na ríomhanna sin,

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin (IO L 173, 9.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/956/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/941 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2021 lena leagtar síos nós imeachta sonrach um shainaithint feithiclí tromshaothair atá deimhnithe mar fheithiclí seirbhíse ach nach bhfuil cláraithe amhlaidh agus lena gcuirtear i bhfeidhm ceartúcháin maidir le meánastaíochtaí sonracha bliantúla $CO_2$ an mhonaróra chun na feithiclí sin a chur san áireamh (IO L 205, 11.6.2021, lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/941/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ in aghaidh an mhonaróra**

Maidir leis na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ in aghaidh an mhonaróra, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1242, i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2022, léirítear iad sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

**An fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle in aghaidh an mhonaróra**

An fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle in aghaidh an mhonaróra,dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2019/1242, i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2022, léirítear é sa tríú colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

**Conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ agus creidmheasanna astaíochta in aghaidh an mhonaróra**

An chonair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ agus na creidmheasanna astaíochta in aghaidh an mhonaróra, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1242, i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2022, léirítear iad sa cheathrú colún agus sa chúigiú colún, faoi seach, den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

**Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle nua tromshaothair**

Is é 48,8 g/tkm méid mheánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle nua tromshaothair uile a cláraíodh san Aontas i dtréimhse tuairiscithe na bliana 2022, arna ríomh tríd an bhfoirmle in Iarscríbhinn I, pointe 2.7, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 a chur i bhfeidhm, agus feithiclí nua tromshaothair gach monaróra á gcur san áireamh.

*Airteagal 5*

**Seolaithe**

Is chuig na monaróirí seo a leanas a dhírítear an Cinneadh seo:

(1) DAF TRUCKS N.V.

P.O. Box 90065

5600 PT Eindhoven

An Ísiltír

(2) DAIMLER TRUCK AG

Fasanenweg 10

70771 Leinfelden-Echterdingen

An Ghearmáin

(3) FORD OTOMOTIV SANAYI A.Ş.

Akpınar Mahallesi Hasan Basri Caddesi No: 2

34885 Sancaktepe/Istanbul

An Tuirc

(4) HYUNDAI HYDROGEN MOBILITY AG
Hagenholzstrasse 60
8004 Zürich
An Eilvéis

(5) IVECO MAGIRUS AG
Nicolaus-Otto-Straße 27
89079 Ulm
An Ghearmáin

(6) IVECO S.P.A.
Via Puglia 35
10156 Torino
An Iodáil

(7) MAN TRUCK & BUS SE
Dachauer Straße 667
80995 München
An Ghearmáin

(8) RENAULT TRUCKS SAS
99 route de Lyon
69800 Saint Priest
An Fhrainc

(9) SCANIA CV AB
Vagnmakarvägen 1
SE-151 87 Södertälje
An tSualainn

(10) VOLVO TRUCK CORPORATION
Herkulesgatan 75
SE-405 08 Göteborg
An tSualainn

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Aibreán 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Wopke HOEKSTRA
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

Tagraíonn gach iontráil do thréimhse tuairiscithe na bliana 2022.

| Monaróir | Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1242, in g/tkm | Fachtóir astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2019/1242 | Conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$, dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2019/1242, in g/tkm | Creidmheasanna astaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Rial-<br>achán (AE) 2019/1242, in g/tkm |
|---|---|---|---|---|
| DAF TRUCKS N.V. | 49,12 | 0,999 | 51,40 | 89 410 |
| DAIMLER TRUCK AG | 50,35 | 0,996 | 49,43 | — |
| FORD OTOMOTIV SANAYI A.Ş. | 53,95 | 1,000 | 50,12 | — |
| HYUNDAI HYDROGEN MOBILITY AG | 0,00 | 0,970 | 54,32 | 1 032 |
| IVECO MAGIRUS AG | 51,93 | 1,000 | 48,30 | — |
| IVECO S.P.A. | 48,92 | 0,995 | 46,39 | — |
| MAN TRUCK & BUS SE | 48,89 | 0,999 | 49,37 | 15 524 |
| RENAULT TRUCKS SAS | 46,46 | 0,984 | 47,11 | 13 773 |
| SCANIA CV AB | 45,54 | 0,994 | 49,56 | 131 300 |
| VOLVO TRUCK CORPORATION | 47,50 | 0,986 | 50,21 | 108 616 |